BRIATHAR DÉ MO LÓCHRANN

MIC

MARY IMMACULATE COLLEGE
COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL







# Athbhreithniú ar Cháilíocht

## Tuarascáil Phiarmheasúnaithe

## Roinn na Gaeilge

Nollaig 2023

# Ábhar

Réamhrá ..... 2
Breathnuithe an Ghrúpa Phiarmheasúnaithe ..... 3
Caibidil 1: Fís, Misean, Straitéis agus Rialachas ..... 5
Caibidil 2: Eagrú, Bainistiú agus Soláthar Foirne ..... 6
Caibidil 3: Dearadh, Ábhar agus Athbhreithniú an Churaclaim ..... 7
Caibidil 4: Teagasc, Foghlaim, Measúnú agus Aiseolas ..... 8
Caibidil 5: Taithí an Mhic Léinn ..... 9
Caibidil 6: Gníomhaíocht Taighde agus For-Rochtana Pobail ..... 10
Appendix 1: An Ghrúpa Phiarmheasúnaithe ..... 11
Aguisín 2: Cruinnithe le Páirtithe Leasmhara ..... 12

# Réamhrá

## Cáilíocht ag CMgS

Forbraíodh próiseas um athbhreithniú ar cháilíocht Choláiste Mhuire gan Smál, atá i bhfeidhm ar ranna acadúla agus ar sheirbhísí gairmiúla araon, agus leantar le forbairt an phróisis d'fhonn polasaí cáilíochta an choláiste a shásamh agus chun riachtanais reachtaíochta Dearbhú Cáilíochta a chomhlíonadh. Cloíonn Coláiste Mhuire gan Smál leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012, lena gcuirtear freagracht dlí ar an soláthróir agus ar an soláthróir nasctha nósanna imeachta i scríbhinn a bhunú do dhearbhú cáilíochta chun críocha cáilíocht an oideachais, na hoiliúna, an taighde agus na seirbhísí gaolmhara a bhunú, a chinntiú, a choinneáil agus a fheabhsú (Cuid 3, Alt 28). Leis na nósanna imeachta Dearbhú Cáilíochta seo, ní mór aird chuí a thabhairt ar na treoirlínte cáilíochta a d'eisigh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) agus/nó eagraíochtaí réamhtheachtaí. Is é an QQI an comhlacht reachtúil atá freagrach as athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta Dearbhú Cáilíochta a ghlac institiúidí ardoideachais (agus breisoideachais) laistigh d'Éirinn agus ar chuir na hinstitiúidí sin i bhfeidhm iad.

Léiríonn an t-athbhreithniú tréimhsiúil cáilíochta ar réimsí feidhme (acadúil agus seirbhís ghairmiúil) laistigh den Choláiste meicníocht bhunchloch institiúideach Dearbhú Cáilíochta / Feabhsú Cáilíochta.

## Próiseas Athbhreithnithe Cáilíochta MIC

Is é cuspóir an phróisis athbhreithnithe cáilíochta:

- Deis struchtúrtha a chur ar fáil don roinn dul i ngleic le féinmhachnamh agus measúnú tréimhsiúil agus straitéiseach bunaithe ar fhianaise i gcomhthéacs cháilíocht a cuid gníomhaíochtaí agus próiseas, agus deiseanna a aithint le haghaidh feabhsú cáilíochta.
- Creat a chur ar fáil trína bhféadfaidh piaraí seachtracha, ar bhealach fianaise-bhunaithe, athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar cháilíocht ghníomhaíochtaí agus phróisis na roinne, agus é a mheas, a thuairisciú agus a mholadh.
- Creatlach a sholáthar trína gcuireann an roinn feabhsuithe cáilíochta i bhfeidhm ar bhealach infhíoraithe.
- Fianaise neamhspleách ar cháilíocht ghníomhaíochtaí na Roinne a sholáthar do MIC, dá mhic léinn, dá mic léinn ionchasacha agus do pháirtithe leasmhara eile.
- A chinntiú go ndéantar measúnú ar gach roinn MIC ar bhealach córasach agus caighdeánaithe de réir dea-chleachtais idirnáisiúnta agus chun tacú le cuspóirí Bheartas Cáilíochta an Choláiste.
- Dea-chleachtas idirnáisiúnta a shásamh i gcomhthéacs dearbhaithe cáilíochta san ardoideachas agus ceanglais reachtúla QA a chomhlíonadh mar atá cumhdaithe sa dlí náisiúnta.

## Forbhreathnú ar an bPróiseas Athbhreithnithe Cáilíochta do Ranna Acadúla

Tá trí chéim i bpróiseas athbhreithnithe cáilíochta CMgS:

**1. Féinmheasúnú**

Déanann an roinn atá faoi athbhreithniú cleachtadh féinmheastóireachta agus scríobhann siad tuairisc fhéinmheasúnaithe

**2. Athbhreithniú Piaraí**

Déanann Grúpa Athbhreithnithe Piaraí comhdhéanta de shaineolaithe seachtracha, athbhreithniú ar an tuarascáil féinmheasúnaithe, buaileann siad le comhaltaí na Roinne agus páirtithe leasmhara agus cuireann siad tuarascáil (an tuarascáil seo) ar fáil, a chuirtear ar fáil go poiblí ar leathanach gréasáin Oifig Cáilíochta CMgS.

**3. Feabhsú Cáilíochta**
Breithníonn an roinn moltaí an ghrúpa athbhreithnithe piaraí, ceapann siad Plean Feabhsúcháin Cáilíochta chun iad a chur i bhfeidhm agus tuairiscíonn siad dul chun cinn an chur i bhfeidhm don Choiste Cáilíochta.

## Roinn na Gaeilge

Cuireann Roinn na Gaeilge cláir éagsúla fhochéime agus iarchéime ar fáil, ina dtugtar deis do mhic léinn cur lena n-eolas ar theanga, ar phobal agus ar litríocht na Gaeilge. Is í Gaeilge teanga na Roinne agus tugtar deis do mhic léinn tógáil ar na scileanna cumarsáide idir labhairt agus scríobh na teanga mar chuid lárnach de gach modúl. Tá thart ar 350 mac léinn fochéime sa roinn, chomh maith le mic léinn ag tabhairt faoi chéimeanna máistreachta agus dochtúireachta.

## Breathnuithe an Ghrúpa Phiarmheasúnaithe

Mar Ghrúpa Piarmheasúnóirí, ba léir dúinn go raibh ardleibhéal rannpháirtíochta i measc bhaill uile na Roinne – idir fhoireann Champas Luimnigh agus fhoireann Champas Dhurlais – agus an Tuarascáil Féinmheasúnaithé á réiteach. Ba ríléir an fonn a bhí ar bhaill na Roinne bheith rannpháirteach sa phróiseas réamhphleanála agus scríbhneoireachta, agus gur bhain ionracas agus oscailteacht leis an ábhar a chuir siad os comhair an Ghrúpa Piarmheasúnóirí gan chamadh gan chlaonadh.

Chaith baill na Roinne go léir go hoscailte agus go hionraic linn agus muid ag plé leo le linn na cuairte. Mhol siad na cleachtais s'acu féin a raibh siad bródúil astu agus luaigh siad go macánta na nithe sin nach raibh siad iomlán sásta leo nó a raibh siad in amhras fúthu. Bhraith an Grúpa Piarmheasúnóirí gur léirigh siad ardtuiscint ar oibríochtaí na Scoile trí chéile.

Cáipéis thar a bheith cuimsitheach ba ea an Tuarascáil Féinmheasúnaithe agus chuidigh an t-ábhar inti go mór leis an nGrúpa Piarmheasúnóirí agus iad ag déanamh réidh le teacht ar cuairt chuig an gColáiste chun dul i mbun na gcruinnithe plé. Ba mhór an cúnamh an t-eolas faoi gach gné d'oibríochtaí na Roinne agus b'fhurasta an plé leis an bhfoireann a stiúradh le linn na cuairte de bharr chaighdeán ábhar na Tuarascála.

Thaitin an rannpháirtíocht fhonnmhar a léirigh na páirtithe leasmhara ar bhuail an Grúpa Piarmheasúnóirí leo maidir le hoibríochtaí Roinn na Gaeilge. Bhí an t-ionracas agus an oscailteacht chéanna le sonrú ar na cruinnithe leis na daoine sin agus a bhain leis na cruinnithe leis an bhfoireann féin. Mhol na páirtithe leasmhara buanna na Roinne ach d'aithin siad cuid de na heasnaimh a luadh sa Tuarascáil Féinmheasúnaithe féin, agus roinnt nithe sa bhreis, ar ndóigh. In ainneoin gur luadh rudaí arbh fhiú féachaint le feabhas a chur orthu, ba léir do bhaill an Ghrúpa Piarmheasúnóirí nach raibh bréagmholadh ná bréagcháineadh ar bith ar bun ag na páirtithe leasmhara, rud a léirigh dúinn go bhfuil freastal díograiseach á dhéanamh ag Roinn na Gaeilge trí chéile ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara éagsúla.

# Caibidil 1: Fís, Misean, Straitéis agus Rialachas

## Ardmholtaí

| | |
|---|---|
| 1.1.1 | Tá an Ghaeilge agus gach a bhaineann léi lárnach i gcultúr na Roinne agus is léir dúinn tiomantas na foirne maidir le hardchaighdeán feabhais a chur chun cinn sa teagasc, san fhoghlaim agus sa taighde. |
| 1.1.2 | Tugtar aird ar leith ar mhic léinn na Roinne agus déantar freastal dílis ar a bhforbairt acadúil, ghairmiúil agus intleachtúil. |
| 1.1.3 | Ó thaobh an rialachais de, is léir go bhfuil cultúr an daonlathais agus an chomhoibrithe á chleachtadh i gcuid oibríochtaí na Roinne trí chéile. |

## Moltaí

Neamhbhainteach

# Caibidil 2: Eagrú, Bainistiú agus Soláthar Foirne

## Ardmholtaí

| | |
|---|---|
| 2.1.1 | Is léir dúinn go bhfuil an-chumarsáid idir an Ceann Roinne agus baill de bhainisteoireacht shinsearach an Choláiste trí chéile (e.g. Déan na nDán agus Ceann Scoil an Oideachais i nDurlas). |
| 2.1.2 | Thugamar faoi deara go bhfuil spiorad an-dearfach go deo i measc fhoireann na Roinne féin, agus idir an fhoireann agus na mic léinn ar an dá champas. |
| 2.1.3 | Thug baill na foirne faoi phróiseas an Phiar-Athbhreithnithe ar bhonn an-dearfach go deo, rud atá ríshoiléir sa Tuarascáil Féinmheasúnaithe agus a bhain leis na cruinnithe éagsúla le baill foirne agus mic léinn. |

## Moltaí

| | Moladh | Fírinniú Gairid |
|---|---|---|
| 2.2.1 | Ball foirne breise a cheapadh a mbeadh sainscileanna acu i dtaca le hacmhainní teagaisc agus foghlama a fhorbairt agus a dhearadh. | I bhfianaise ar chuala muid ó léachtóirí na Roinne agus na mic léinn féin go bhfuil saintacaíocht den saghas sin ag teastáil ón Roinn, go háirithe maidir le dul i ngleic leis na dúshláin teanga atá i réim faoi láthair. |
| 2.2.2 | Campas Dhurlais: easpa shuntasach maidir le tacaíocht riaracháin agus teicneolaíochta agus is gá, dá bhrí sin, freastal ar an easnamh sin. | In ainneoin go bhfuil baill foirne le Gaeilge ar an gcampas, níl duine ar leibhéal riaracháin ar fáil le plé go sonrach le riachtanais fhoireann na Gaeilge.<br>Níl teicneoir ar fáil, ach an oiread, ach lá amháin sa tseachtain. |
| 2.2.3 | Freagrachtaí agus cúraimí riaracháin na foirne. | Ba cheart go sonnrófaí go soiléir na freagrachtaí a bhaineann le ról an Chinn Scoile vis-à-vis na cúraimí atá ar Cheann Bliana, i.e. an líne cheannais a chinntiú. |
| 2.2.4 | Rúnaí na Scoile - molaimid gur ag plé le Roinn na Gaeilge amháin a bheadh sí. | Tá ualach trom uirthi agus freagrachtaí trí Roinn le láimhseáil aici anuas ar dhualgais eile. |

# Caibidil 3: Dearadh, Ábhar agus Athbhreithniú an Churaclaim

## Ardmholtaí

| | |
|---|---|
| 3.1.1 | Is léir go bhfuil teagasc taighde-bhunaithe ar siúl ag an bhfoireann agus saineolas acu ar réimse leathan de shaíocht na Gaeilge agus go gcuirtear sin ar fáil do na mic léinn. |
| 3.1.2 | An-tuiscint ag baill foirne ar na dúshláin a bhaineann le teagasc na Gaeilge agus na heasnaimh atá le réiteach, agus an-iarracht ar siúl acu aghaidh a thabhairt orthu sin. |

## Moltaí

| | Moladh | Fírinniú Gairid |
|---|---|---|
| 3.2.1 | An siollabas teagaisc | Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh chun a chinntiú gur ag freastal ar riachtanais na mac léinn láidir agus lag atáthar. Mar a moladh in §2.2.1 thuas, chuirfeadh ceapachán duine leis an saineolas cuí go mór leis an sprioc áirithe seo. |
| 3.2.2 | Modúl nualitríochta | Ba mhaith leis na mic léinn fochéime go ndéanfaí freastal i modúl amháin ar théacsanna reatha, comhaimseartha i nGaeilge, i.e. saothair a bhaineann lena saolré féin. |
| 3.2.3 | Struchtúr agus siollabas na gceardlann teanga | Ba cheart a chinntiú go bhfuil an cur chuige céanna á chleachtadh sna ceardlanna teanga ar an dá champas agus go bhfuil an dul chun cinn céimneach soiléir do na mic léinn. |

# Caibidil 4: Teagasc, Foghlaim, Measúnú agus Aiseolas

## Ardmholtaí

| | |
|---|---|
| 4.1.1 | Tá an-teist ag na mic léinn ar dhíograis na léachtóirí sna modúil trí chéile agus an-mholadh tugtha ag mic léinn dóibh maidir le bheith ar fáil taobh amuigh d'uaireanta teagaisc. |
| 4.1.2 | Deir na mic léinn go bhfuil aiseolas an-mhaith ar fáil ó léachtóirí faoi aistí /thascanna agus scrúduithe cainte. |
| 4.1.3 | Moltar líon beag na mac léinn sna ceardlanna teanga, rud a thugann deis do léachtóirí freastal níos fearr a dhéanamh ar na riachtanais teanga atá acu. |

## Moltaí

| | **Moladh** | **Fírinniú Gairid** |
|---|---|---|
| 4.2.1 | Aiseolas struchtúrtha | Molaimid go ndéanfaí aiseolas a bhailiú ó mhic léinn ar bhonn foirmeálta ag deireadh gach modúil (e.g. ceistneoir), rud a chuideodh leis an athbhreithniú leanúnach ar chúrsaí teagaisc agus foghlama. D'fhéadfaí cáipéis shimplí chaighdeánach a fhorbairt a d'úsáidfí i ngach modúl. |
| 4.2.2 | An córas cúitimh (Tairseach Pas/Teip) | Tá moladh aontaithe ag Bord Clár Champas Dhurlas nach féidir a thuilleadh pas cúitimh a fháil ag leibhéal D2 sa Ghaeilge agus ba cheart, dar linn, go gcuirfí an moladh sin i bhfeidhm. De bhreis air sin, ba cheart an cúiteamh a theorannú don ábhar féin. |
| 4.2.3 | An Ghaeilge labhartha sa mheasúnú | B'fhiú don Roinn machnamh a dhéanamh ar shlite éagsúla le tabhairt ar na mic léinn na scileanna labhartha s'acu a chleachtadh (e.g. podchraoltaí, taifeadtaí gairide).<br>Maidir leis na táscairí grád a úsáidtear do mharcáil na scrúduithe cainte, b'fhiú don Roinn athbhreithniú a dhéanamh orthu sin – go háirithe ag táirseach Teip/Pas. |
| 4.2.4 | Sainmhodúl teanga | Molaimid go láidir don Roinn machnamh a dhéanamh ar mhodúl teanga a thabhairt isteach i ngach bliain acadúil. |

# Caibidil 5: Taithí an Mhic Léinn

## Ardmholtaí

| | |
|---|---|
| 5.1.1 | Tá an-teist ag na mic léinn fochéime agus iarchéime ar fhoireann na Roinne. |
| 5.1.2 | Mic léinn iarchéime: lánsásta leis an stiúir a chuirtear ar fáil dóibh, an taithí a fhaigheann siad ar na deiseannna teagaisc, an spás oibre atá acu agus an liúntas comhdhála (€500) in aghaidh na bliana. |
| 5.1.3 | Freastalaíonn siad sách rialta ar an seimineár taighde seachtainiúil a eagraíonn Oifig an Léinn Iarchéime. |

## Moltaí (Cuir údar gearr isteach don Mholadh)

| | Moladh | Fírinniú Gairid |
|---|---|---|
| 5.2.1 | Comhpháirtíocht na mac léinn fochéime | In ainneoin go n-aithnímid gur castacht é an t-achar idir an dá champas, braithimid gurbh fiú don Roinn machnamh a dhéanamh ar bhealaí éagsúla a bhféadfaí mic léinn na Gaeilge a thabhairt le chéile ó am go chéile (e.g. i rith Sheachtain na Gaeilge) |
| 5.2.2 | Imeachtaí Gaeilge | Braitheann na mic léinn uathu an tOifigeach Gaeilge san am i láthair agus iad ag iarraidh imeachtaí Gaeilge a eagrú/ a chur i gcrích. |
| 5.2.3 | Lucht na céime | B'fhiú a dheimhniú go gcuirtear eolas ar fáil do na mic léinn go leanúnanach i rith bhliain na céime faoi na deiseanna éagsúla atá acu i dtaca leis an nGaeilge: e.g. an clár MA, Fulbright, ICUF, etc. |
| 5.2.4 | Mic léinn iarchéime agus Comhdháil na Roinne | B'fhiú go mór cuireadh a thabhairt do dhuine de na hiarchéimithe bheith rannpháirteach i gCoiste na Comhdhála le go bhfaighidís taithí ar chomhdháil a phleanáil agus a eagrú. |
| 5.2.5 | Mic léinn iarchéime agus a gcuid taighde | B'fhiú don Roinn sraith Seimineár Taighde (ceann nó dhó in aghaidh an tseimeastair, b'fhéidir) nó Lá Taighde a eagrú go hinmheánach agus deis a thabhairt do na mic léinn iarchéime cur i láthair a dhéanamh faoin taighde atá ar siúl acu, agus iad a spreagadh le freastal ar imeachtaí taighde in áiteanna eile. |
| 5.2.6 | Amchlár na foirne páirtaimseartha | Chun cabhrú le mic léinn iarchéime a dhéanann teagasc páirtaimseartha a gcuid ama a bhainistiú ar shlí éifeachtach, an bhféadfadh an Roinn tabhairt ar an gColáiste an t-amchlár a eisiúint níos luaithe ná mar a dhéanann? |

# Caibidil 6: Gníomhaíocht Taighde agus For-Rochtana Pobail

## Ardmholtaí

| | |
|---|---|
| 6.1.1 | Molaimid an fhoireann as a gcuid taighde a chur i láthair go rialta mar chuid de chomhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta i mBéarla agus i nGaeilge. Tá siad an-ghníomhach i dtaca le foilseacháin i leabhair, cnuasaigh aistí, imeachtaí comhdhála, irisí léannta, mar aon le hiarratais a dhéanamh ar dheontais taighde. |
| 6.1.2 | Is léir don Ghrúpa Piar-Athbhreithnithe go bhfuil lántacaíocht Dhéan na nDán agus Stiúrthóir Taighde an Choláiste ag na himeachtaí taighde éagsúla a bhíonn ar bun ag an bhfoireann. |
| 6.1.3 | Aithníonn baill foirne na Roinne an tábhacht a bhaineann le léann na Gaeilge a chur chun cinn – trí mheán na Gaeilge, go háirithe. |
| 6.1.4 | Molaimid go mór an Chomhdháil Bhliantúil a eagraítear taobh istigh den Roinn. |

## Moltaí

| | **Moladh** | **Fírinniú Gairid** |
|---|---|---|
| 6.2.1 | Feabhas a chur ar phróifíl na foirne ar shuíomh idirlín na Roinne | Tuigtear dúinn nach fada go mbeidh bogearra nua i bhfeidhm sa Choláiste a fhágfas go mbeidh baill foirne in ann próifíl taighde níos feiceálaí a chruthú. |
| 6.2.2 | Gaiscí taighde na foirne: gá iad a phoibliú | Ba cheart don Roinn gaiscí taighde na foirne a phoibliú ar bhonn níos éifeachtaí agus leas a bhaint as acmhainní ar nós MIRIS & ORCID. |
| 6.2.3 | Eolas ar struchtúir inmheánacha an Choláiste | Chuirfeadh sé go mór le hoibríochtaí na Roinne dá gcuirfeadh na baill foirne eolas ar na struchtúir tacaíochta atá ann maidir le cur isteach ar dheontais mhóra (e.g. IRC agus ERC) agus comhdháil a eagrú go hinmheánach. |
| 6.2.4 | An Leabharlann | Ba chóir do bhaill foirne sa Roinn féachaint chuige go gceannaítear saothair thaighde sa leabharlann agus leas iomlán a bhaint as an mbuiséad atá ceadaithe dóibh. B'fhéidir go n-ainmneofaí ball foirne amháin le haire a thabhairt don ghnó sin. |

# Appendix 1: An Ghrúpa Phiarmheasúnaithe

| | |
|---|---|
| An tOllamh Ciarán Mac Murchaidh (Cathaoirleach) | Ollamh le Gaeilge<br>Fiontar & Scoil na Gaeilge<br>Ollscoil Chathair Bhaile Atha Cliath |
| An Dr Síle Ní Mhurchú | Ceann Roinne, Roinn na Nua-Ghaeilge<br>Coláiste na hOllscoile Corcaigh |
| An tOllamh Brian Ó Conchubhair | Ollamh Comhlach le Gaeilge<br>Ollscoil Notre Dame |
| An Dr. Moira Sweeney | Ceannaire Cúrsa, Ard-Dioplóma i Léiriú Teilfíse agus na Meán \| Maoirseoir Scannán Portalis<br>Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt |

# Aguisín 2: Cruinnithe le Páirtithe Leasmhara

**Foireann Roinn na Gaeilge**

Ceann Roinn na Gaeilge

Foireann Roinn na Gaeilge i nDurlas

Foireann Roinn na Gaeilge i Luimneach

**Foireann CMgS Eile**

Ceann Scoil an Oideachais i nDurlas

Déan na nDán

Stiúrthóir Taighde

Ceann Roinne, Oideachas Teanga & Litearthachta, Dámh an Oideachais

Riarthóir Roinn na Gaeilge

Leabharlannaí an Choláiste

Ceann Roinne Staidéar Meán & Cumarsáide

**Mic Léinn Roinn na Gaeilge**

Mic Léinn i nDurlas

Mic Léinn Fochéime i Luimneach

Mic Léinn Iarchéime i Luimneach